
# Mí-úsáid Grok in Éirinn

Eochairfhocail:uathachas, léirsiú, freastal ceart, na céadfacha, slí dhifriúil

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, idirghníomhaíocht chainte.


**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén rud nach mbeifear in ann a úsáid a thuilleadh le híomhánna folúsacha agus gáirsiúla a chruthú ar an láithreán gréasáin X?
2. Cén fógra a rinne an fógra inniu faoin gcosc?
3. Cén dream lena mbaineann an cosc seo?
4. Cén dá dhream a sheas suas cheana maidir leis an bhfadhb seo faoi mhí-úsáid na hintleachta saorga chun íomhánna mídhleathacha a chruthú?
5. Cén fáth nach bhfuil Grok ag iarraidh cosc a chur ar íomhánna gáirsiúla agus folúsacha a chruthú?
6. Cé hí an tAire Stáit a bhfuil cúram uirthi maidir le gnóthaí intleachta saorga in Éirinn?
7. Céard a deir Conor D McGuinness de chuid Shinn Féin faoin rialtas?
8. Cé hiad na daoine ar chóir don Rialtas a chosaint dar le Conor?
9. Cé a fuair cuireadh teacht os comhair Choiste na Meán chun an cheist seo a phlé?
10. Cé mhéad fiosrúchán atá ar bun ag na Gardaí i dtaobh íomhánna mí-dhleathacha de chuid Grok?




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



## Gníomhaíocht Labhartha

**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt, an féidir leat an intleacht shaorga a phlé leis an duine in aice leat? Seo cúpla ceist le sibh ag cur ag caint:**

- An dóigh leat go bhfuil baol ann don tsochaí maidir leis an intleacht shaorga?
- An mbaineann tú úsáid as an intleacht shaorga go laethúil? Céard iad na rudaí a dhéanann tú léi?
- An dóigh leat go bhfuil contúirt ag baint leis an intleacht shaorga? Mínigh.
- An bhfuil aon bhuntáistí ag baint leis an intleacht shaorga? Céard iad?
- An gceapann tú go ndéanfaidh an intleacht shaorga dochar don chóras oideachais sa tír seo? Mínigh.

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**An féidir leat an leagan ceart a roghnú sna habairtí seo a leanas?**

- Tá Grok in úsáid go forleathan in (Éirinn/Éire/Éireann) an lae inniu.
- Tá an intleacht shaorga ar fáil saor (in aisce/in aiscí/ i naisce) don phobal.
- Ní gá do dhuine a bheith ina (saineolaí/ina saineolaithe/ina shaineolaí) ar an (dteicneolaíocht/teicneolaíocht/teicneolaíochtaí) le húsáid a bhaint as an intleacht shaorga.
- Tá a lán daoine tar éis (mí-úsáide/ míúsáid/mí-úsáid) a bhaint as an intleacht shaorga le coireanna a dhéanamh.
- Beidh ar an rialtas níos mó (haire/aire/airí) a thabhairt maidir le drochúsáid na teicneolaíochta (astu seo amach/as seo amach/leis seo amach).

# Freagraí

1. An aip intleachta saorga Grok
2. Lucht bainistíochta Grok
3. Gach duine, an dream atá ag íoc táille leis an láithreán san áireamh
4. ChatGPT agus Gemini
5. Tá siad ag brath ar dhaoine chun íomhánna a chruthú tríd an láithreán Grok
6. Niamh Smyth
7. Caithfidh siad gníomhú i dtaobh na faidhbe seo agus níor cheart dóibh a bheith mar lucht féachana
8. Páistí, mná agus an tsochaí i gcoitinne
9. Ionadaithe ó na láithreáin mheán sóisialta, X ina measc
10. 200 fiosrúchán

- Tá Grok in úsáid go forleathan in Éirinn an lae inniu.
- Tá an intleacht shaorga ar fáil saor in aisce don phobal.
- Ní gá do dhuine a bheith ina shaineolaí ar an teicneolaíocht le húsáid a bhaint as an intleacht shaorga.
- Tá a lán daoine tar éis mí-úsáid a bhaint as an intleacht shaorga le coireanna a dhéanamh.
- Beidh ar an rialtas níos mó aire a thabhairt maidir le drochúsáid na teicneolaíochta as seo amach.